2024/2219

9.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2219 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meán Fómhair 2024

lena bhfoirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ('an bun-Rialachán frithdhumpála') ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na bearta atá i bhfeidhm

(1) An 18 Deireadh Fómhair 2018, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ([2]) ón gCoimisiún ('an Rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'). Bhí an dleacht frithdhumpála idir EUR 42,73 in aghaidh an aonaid agus EUR 61,76 in aghaidh an aonaid. An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairtear 'an t-imscrúdú bunaidh' air anseo feasta.

(2) Tar éis do Chomhlachas Tionscail Rubair na Síne agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán na Síne agóid a thaisceadh, chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an Rialachán bunaidh ar neamhní an 4 Bealtaine 2022 ina breithiúnas i gCásanna T-30/19 agus T-72/19 ([3]) ('Breithiúnas na Cúirte'), a mhéid a bhaineann le roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(3) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt, chuir an Coimisiún tús arís leis an imscrúdú agus an 4 Aibreán 2023, d'ath-fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún ([4]) ('an dara Rialachán').

(4) Tá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair idir EUR 0 in aghaidh an aonaid agus EUR 35,74 in aghaidh an aonaid. Tá GITI Tire (Anhui) Company Ltd.; GITI Tire (Fujian) Company Ltd.; GITI Tire (Hualin) Company Ltd. agus GITI Tire (Yinchuan) Company Ltd. faoi réir dleacht frithdhumpála EUR 35,74 in aghaidh an aonaid faoi láthair.

1.2. Iarraidh ar pháirt-athbhreithniú eatramhach a bhí teoranta don dumpáil

(5) An 16 Lúnasa 2021, chuir grúpa GITI ('an t-iarratasóir') iarraidh ar athrú ainm isteach a bhain leis an táirgeoir onnmhairiúcháin GITI Tire (Anhui) Company Ltd. D'iarr an t-iarratasóir an t-ainm nua GITI Radial Tire (Anhui)

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 263, 22.10.2018, lch. 3).

([3]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe) an 4 Bealtaine 2022, Comhlachas Tionscail Rubair na Síne (CRIA) agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mionraí & Ceimiceán na Síne (CCCMC) v An Coimisiún Eorpach, T-30/19 agus T-72/19, EU:T:2022:226.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 (IO L 96, 5.4.2023, lch. 9).

Company Ltd. a thabhairt ar GITI Tire (Anhui) Company Ltd. sa Rialachán bunaidh toisc go raibh GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. tar éis teacht i gceannas ar oibríochtaí GITI Tire (Anhui) Company Ltd. D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir ceistneoir a líonadh isteach maidir leis an athrú ainm. Chuir an t-iarratasóir an freagra ar an gceistneoir isteach laistigh den sprioc-am a leagadh síos chun na críche sin.

(6) Mhínigh an t-iarratasóir gur i mí Aibreáin 2021 gur chinn sé cuid dá oibríochtaí sa tSín a athstruchtúrú, go háirithe trí chuideachta a chumasc in GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd: GITI Tire (Anhui) Company Ltd.; GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. agus Anhui GITI Tire Retreading Company Ltd.

(7) Tar éis malartuithe breise, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas nárbh é an iarraidh ar athrú ainm an nós imeachta iomchuí a bhí le leanúint chun measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas athstruchtúraithe ar thug an t-iarratasóir tuairisc air, lena ndéanfaí an táirgeoir onnmhairiúcháin GITI Tire (Anhui) Company Ltd. le cód breise TARIC C332 a dhíchlárú ag deireadh an phróisis cumaisc. Mhínigh an Coimisiún go mbeadh gá le himscrúdú athbhreithniúcháin eatramhaigh chun measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas athstruchtúraithe.

(8) An 8 Meán Fómhair 2023, fuair an Coimisiún iarraidh ar pháirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11 den bhun-Rialachán frithdhumpála ó Ghrúpa GITI ('an t-iarratasóir'). Is é a iarradh san iarraidh, scrúdú a dhéanamh féachaint ar cheart athríomh a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don iarratasóir mar gheall ar athstruchtúrú Ghrúpa GITI agus ainm an táirgeora onnmhairiúcháin GITI Tire (Anhui) Company Ltd. a athrú go GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd.

1.3. **Tionscnamh páirt-athbhreithnithe eatramhaigh a bhí teoranta don dumpáil**

(9) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, gur leor an fhianaise a bhí ann chun údar a thabhairt le páirt-athbhreithniú eatramhach a bhí teoranta, ó thaobh raon feidhme de, do scrúdú dumpála a mhéid a bhain leis an iarratasóir, thionscain an Coimisiún páirt-athbhreithniú eatramhach an 15 Nollaig 2023 i gcomhréir le hAirteagal 11 den bhun-Rialachán frithdhumpála le fógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais* ([5]) Eorpaigh ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Athbhreithniú éaga comhuaineach**

(10) An 20 Deireadh Fómhair 2023, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal 11 den bhun-Rialachán frithdhumpála. Is í an Chomhghuaillíocht in aghaidh Allmhairí Éagóracha Bonn, comhlachas *ad hoc* de tháirgeoirí Eorpacha a d'iarr an t-athbhreithniú éaga thar ceann thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Tá an t-imscrúdú faoin athbhreithniú éaga fós ar siúl.

1.5. **Imscrúdú**

(11) An t-imscrúdú a bhaineann leis an bpáirt-athbhreithniú eatramhach a bhí teoranta do dhumpáil, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe').

(12) Chuir an Coimisiún in iúl don iarratasóir, d'údaráis na tíre is onnmhaireoir agus do thionscal an Aontais faoi thionscnamh imscrúdú an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh. Tugadh deis do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a fháil.

(13) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig grúpa GITI chun an fhaisnéis a bhí ag teastáil le haghaidh a imscrúdaithe a fháil. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, d'aontaigh an Coimisiún le moladh an iarratasóra úsáid a bhaint as a fhreagraí ar na ceistneoirí a chuir sé isteach faoi imscrúdú an athbhreithnithe éaga. Fuarthas freagraí laistigh den sprioc-am a leagadh síos chun na críche sin.

([5]) Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C C/2023/1500, 15.12.2023)

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge lena mbaineann

(14) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge sa Rialachán bunaidh agus sa dara Rialachán, is iad sin allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh níos mó ná 121, atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10), de thionscnamh na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2.2. An táirge comhchosúil

(15) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is ionann na buntréithe fisiceacha agus na bunúsáidí atá ag an táirge lena mbaineann agus an táirge arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(16) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1 den bhun-Rialachán frithdhumpála.

3. CINEÁL MARTHANACH NA nATHRUITHE AR IMTHOSCA

(17) I gcomhréir le hAirteagal 11 den bhun-Rialachán frithdhumpála, scrúdaigh an Coimisiún an raibh athrú mór tagtha ar na himthosca ar ar a mbonn sin a bunaíodh na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair agus scrúdaigh sé an raibh an t-athrú sin de chineál marthanach.

(18) Thuairiscigh an t-iarratasóir gur i mí an Mheithimh 2023, bhí GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd., atá suite in aice le GITI Tire (Anhui) Company Ltd., tar éis trí chuideachta eile de ghrúpa GITI a ionsú, is é sin:i) GITI Tire (Anhui) Company Ltd.;ii) Anhui Prime Cord Fabrics Company Ltd. agus iii) Anhui GITI Tire Retreading Company Ltd.San imscrúdú bunaidh, rinne an Coimisiún imscrúdú ar na cuideachtaí sin uile cé is moite de Anhui GITI Tire Retreading Company Ltd.Bhí GITI Tire (Anhui) Company Ltd. ar cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus sholáthair GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. agus Anhui Prime Cord Fabrics Company Ltd. ábhair ionchuir. Ar bhonn na fianaise a chuir an t-iarratasóir isteach, an chuideachta chumaiscthe a thiocfaidh as sin, leanfaidh sí de bheith i mbun na ngníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair céanna agus atá ag na cuideachtaí a ndearnadh an t-imscrúdú bunaidh orthu. Thuairiscigh an t-iarratasóir athruithe corparáideacha eile freisin a raibh tionchar acu ar roinnt cuideachtaí laistigh den ghrúpa. Is éard atá i gceist leis na hathruithe go príomha i) athruithe ar an leibhéal gníomhaíochta táirgthe atá ag táirgeoirí onnmhairiúcháin agus ag soláthraithe ábhar ionchuir agus ii) mionathruithe corparáideacha.

(19) San imscrúdú bunaidh, ríomhadh an gnáthluach ar bhonn faisnéise maidir le praghsanna agus costais ón tír analógach roghnaithe agus ní raibh sé ag brath ar phraghsanna ná ar chostais intíre na Síne. Dá bhrí sin, ní thugtar le fios go bhfuil aon ábharthacht ag baint leis an athstruchtúrú inmheánach nó leis na hathruithe corparáideacha eile a tuairiscíodh maidir le grúpa GIGI laistigh den tSín. Ina theannta sin, ní thugtar le fios gur tháinig athrú mór ar na cainéil díola, agus ar an bpraghas díola dá bharr, ós rud é go bhfuil an grúpa fós ag onnmhairiú trína thrádálaí comhlachaithe agus is ionann na costais díola dhíreacha atá ag GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. agus na costais atá ag GITI Tire (Anhui) Company Ltd. toisc go bhfuil siad suite in aice lena chéile. Dá bhrí sin, ní thugtar le fios gur athraíodh na himthosca a mhéid a bhaineann leis an dumpáil mar gheall ar na hathruithe athstruchtúraithe agus na mionathruithe corparáideacha a tuairiscíodh, rud a d'fhágfadh go mbeadh údar leis na bearta frithdhumpála a mhodhnú.

(20) I bhfianaise an chumaisc a shonraítear thuas, d'iarr an t-iarratasóir go gcuirfí GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. in ionad na dtagairtí do GITI Tire (Anhui) Company Ltd. sa dara Rialachán. Léiríonn an fhianaise a chuir an t-iarratasóir isteach gur cuireadh ionsú GITI Tire (Anhui) Company Ltd. i gcrích an 6 Iúil 2023, an lá a fuair GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. a cheadúnas gnó nua tar éis dó iarratas a chur faoi bhráid na n-údarás ábhartha an 20 Meitheamh 2023. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 a leasú chun a léiriú gur ghlac GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. seilbh ar ghníomhaíochtaí táirgthe GITI Tire (Anhui) Company Ltd. agus chun cód breise TARIC C332 a shannadh do GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd.

(21) Tugadh an deis don iarratasóir barúil a thabhairt maidir leis an Rialachán seo. Chuir an t-iarratasóir i gcoinne fhoirceannadh an imscrúdaithe ar dhá fhoras.

(22) D'áitigh an t-iarratasóir ar an gcéad dul síos gur iarr an Coimisiún ar an iarratasóir athbhreithniú eatramhach a iarraidh ionas go bhféadfadh an Coimisiún an corrlach dumpála a athríomh i bhfianaise na n-athruithe corparáideacha a raibh sé beartaithe ag grúpa GITI a dhéanamh. A mhéid a bhaineann leis an maíomh sin, chuir an Coimisiún grúpa GITI ar an eolas, ar bhonn na faisnéise a bhí faighte ag an gcéim sin, nár chosúil go raibh an nós imeachta um athrú ainm a iarraidh ar dtús oiriúnach chun anailís a dhéanamh ar na hathruithe corparáideacha a bhí beartaithe. Chuir an Coimisiún in iúl don iarratasóir gur ghá athbhreithniú eatramhach a iarraidh nuair a bheadh na hathruithe corparáideacha curtha i gcrích. Níor thug an Coimisiún le fios áfach gur ghá an corrlach dumpála a athríomh. Ba é ba chuspóir don athbhreithniú eatramhach measúnú a dhéanamh lena fháil amach an mbeadh údar leis an gcorrlach dumpála a athríomh i bhfianaise na n-athruithe corparáideacha. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh údar leis an gcorrlach dumpála a athríomh mar gheall ar na hathruithe sin agus dheonaigh an Coimisiún an t-athrú ainm a iarradh ar dtús.

(23) D'áitigh an t-iarratasóir ar an dara dul síos go raibh athrú tagtha ar na cainéil díolachán ó tharla nach raibh grúpa GITI ag baint úsáid a thuilleadh as na hallmhaireoirí comhlachaithe a suíodh san imscrúdú bunaidh. Dá bhrí sin, dar leis an iarratasóir, níor cheart don Choimisiún dul i muinín praghas onnmhairiúcháin ríofa a thuilleadh, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála, chun leibhéal na dumpála a chinneadh. A mhéid a bhaineann leis an dara hargóint, tugann an Coimisiún faoi deara gur bhain ceann de na hathruithe a tuairiscíodh le hallmhaireoir comhlachaithe lasmuigh den Aontas agus ó tharla sin amhlaidh, níl na sonraí sin ábhartha a thuilleadh ó thaobh leibhéal na dumpála san Aontas a chinneadh. Thairis sin, a mhéid a bhaineann leis an argóint nach ndíolann grúpa GITI an táirge lena mbaineann trí thrádálaí comhlachaithe a thuilleadh, thug an Coimisiún faoi deara san imscrúdú bunadh go ndearnadh an chuid is mó de na díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontais trí na cainéil díolachán chéanna. Níor mhór é céatadán na ndíolachán a rinne an t-allmhaireoir comhlachaithe san Aontas. Ina theannta sin, dheimhnigh an Coimisiún thairis sin, ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir, go bhfuil an t-allmhaireoir comhlachaithe fós gníomhach agus go gcuireann sé seirbhísí margaíochta ar fáil do ghrúpa GITI. Cé nach bhfuil úsáid á baint as an allmhaireoir comhlachaithe sin faoi láthair mar chainéal díolachán, ní mheasfaí gur athrú suntasach de chineál marthanach é sin, ós rud é gur féidir le grúpa GITI é a úsáid go fóill tráth ar bith.

4. **FOIRCEANNADH AN IMSCRÚDAITHE**

(24) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn sin a bhí sé beartaithe an t-imscrúdú seo a fhoirceannadh agus tugadh deis dóibh barúlacha a thabhairt ina leith.

(25) Ar na cúiseanna a shonraítear thuas, is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cheart foirceannadh a dhéanamh ar an bpáirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Síne, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir amháin.

(26) Tá an Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear Airteagal 1(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 mar a leanas:

'GITI Tire (Anhui) Company Ltd; GITI Tire (Fujian) Company Ltd; GITI Tire (Hualin) Company Ltd; GITI Tire (Yinchuan) Company Ltd	35,74	C332'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin

'GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd.; GITI Tire (Fujian) Company Ltd.; GITI Tire (Hualin) Company Ltd.; GITI Tire (Yinchuan) Company Ltd.	35,74	C332'

2. An cód breise TARIC C332 a sannadh roimhe seo do GITI Tire (Anhui) Company Ltd., beidh feidhm aige maidir le GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. ón 6 Iúil 2023. Ón dáta sin ar aghaidh, aon dleacht chinntitheach arna híoc ar allmhairí táirgí arna monarú ag GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd. de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 a mhéid a bhaineann le GITI Tire (Anhui) Company Ltd., is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Foirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach a bhí teoranta, ó thaobh raon feidhme de, do dhumpáil i dtaca le grúpa GITI a mhéid a bhaineann leis an dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh níos mó ná 121, atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN